2025/2545

16.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2545 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2335 trí na hastaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe a shocrú agus tríd an modheolaíocht a shonrú chun feithiclí ionadaíocha a shainiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh na nósanna imeachta um chineálcheadú dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) trí phróifílí nua misin, nósanna imeachta um athrú giaranna agus measúnú iomlán ar ardchórais cúnta tiománaithe a thabhairt isteach san uirlis ionsamhlúcháin, agus de thoradh sin tá laghdú níos mó ná 5 g CO_2/km tagtha ar leibhéal astaíochtaí CO_2 na bhfeithiclí tromshaothair ionadaíocha.

(2) Dá bhrí sin, tá an Coimisiún le coigeartú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 11(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/1242, den chéad uair, ar na hastaíochtaí tagartha CO_2 le haghaidh foghrúpaí feithiclí áirithe a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2335 ón gCoimisiún ([3]) agus na hastaíochtaí tagartha coigeartaithe a chinneadh mar i = 1 agus na hastaíochtaí tagartha neamhchoigeartaithe, a leagtar amach sa Rialachán sin, mar i = 0).

(3) Chun na hastaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe a ríomh, is gá, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2019/1242, modheolaíocht a shonrú chun feithiclí ionadaíocha a shainiú, lena n-áirítear a n-ualuithe staidrimh agus luachanna an phálasta agus an lín paisinéirí.

(4) Chun an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2019/1242 a chomhlíonadh agus chun an cruinneas is fearr is féidir a bhaint amach agus chun an t-ualach riaracháin ar mhonaróirí a theorannú, ba cheart na feithiclí ionadaíocha chun astaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe a chinneadh (i = 1) a bheith ar an bhfothacar feithiclí uile ar tuairiscíodh sonraí ina leith i dtréimhse thuairiscithe 2019 agus a bhféadfaí na sonraí a ath-ionsamhlú ina leith i gcomhréir leis an nós imeachta leasaithe um chineálcheadú.

(5) Cinneadh na hastaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe de réir an nós imeachta coigeartaithe a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242, mar a míníodh go mionsonraithe i dtuarascáil atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin JRC faoin tagairt JRC138612 agus na nuashonruithe ar na sonraí ionsamhlúcháin arna soláthar ag roinnt monaróirí á gcur san áireamh.

(6) Chun toradh an choigeartaithe a chur san áireamh a luaithe is féidir agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha CO_2 agus na conairí laghdaithe astaíochtaí CO_2 á gcinneadh, ba cheart feidhm a bheith ag na hastaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 ó thréimhse thuairiscithe 2025 ar aghaidh.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/595/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2335 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2025 lena socraítear na hastaíochtaí tagartha CO_2 le haghaidh thréimhse tuairiscithe na bliana 2019 (IO L, 2025/2335, 21.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2335/oj).

(7) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2335 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2335

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2335 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an dara mír seo a leanas leis:
'Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na hastaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe, dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242, le haghaidh thréimhse thuairiscithe 2025 agus ina dhiaidh sin';

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 1a seo a leanas:

'*Airteagal 1a*

Sonrú feithiclí ionadaíocha le haghaidh i = 1

Chun na hastaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe (i = 1) a chinneadh, maidir le feithiclí ionadaíocha sonracha na bhfoghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH, is feithiclí iad a chuirtear san áireamh sa chlár lárnach dá dtagraítear in Airteagal 13c de Rialachán (AE) 2019/1242, a tuairiscíodh i dtréimhse thuairiscithe 2019, agus a lipéadaítear mar fheithiclí ionadaíocha sa chlár lárnach.

Na pálastaí atá le húsáid chun astaíochtaí CO_2 a chinneadh, sainítear iad i bpointe 2.5.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242. Is é '1' an t-ualú staidrimh dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 le haghaidh gach feithicle ionadaíche.';

(3) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/2335.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Astaíochtaí tagartha CO_2 dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/1242 (i = 0, neamhchoigeartaithe) agus astaíochtaí tagartha CO_2 coigeartaithe (i = 1, coigeartaithe) le haghaidh foghrúpaí feithiclí áirithe, dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (a), agus i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, in g/t•km:

Foghrúpa sg	Astaíochtaí tagartha CO_2 i dtréimhsí tuairiscithe faoi seach	
	Tréimhsí tuairiscithe 2019 agus ina dhiaidh sin	Tréimhsí tuairiscithe 2025 agus ina dhiaidh sin
	i = 0 (neamhchoigeartaithe)	i = 1 (coigeartaithe)
	$rCO2_{sg,0}$ *in g/tkm*	$rCO2_{sg,1}$ *in g/tkm*
4-UD	307,23	299,57
4-RD	197,16	195,77
4-LH	105,96	103,32
5-RD	84,00	83,53
5-LH	56,60	55,02
9-RD	110,98	110,56
9-LH	65,16	63,47
10-RD	83,26	82,75
10-LH	58,26	56,84'